Eanáir 2026

# Athbhreithniú Seachtrach Dearbhaithe Cáilíochta ar Sholáthraithe Neamhspleácha agus Príobháideacha

## Lámhleabhar

CINNTE

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
Quality and Qualifications Ireland

# Clár

**1. Réamhrá** .......... **4**

**2. Cuspóir an athbhreithnithe** .......... **5**

**3. Cé dóibh an lámhleabhar seo?** .......... **5**

**4. Céimeanna an athbhreithnithe** .......... **6**

**5. Freagrachtaí soláthraithe** .......... **6**

Céim 1: Ullmhú .......... 6

Céim 2: Cruinniú Pleanála .......... 7

Céim 3: Príomhchuairt an athbhreithnithe .......... 8

Céim 4: Tuairisciú .......... 8

Céim 5: Iar-obair .......... 8

**6. Próiseas an athbhreithnithe** .......... **9**

6.1 Foireann an athbhreithnithe - róil agus freagrachtaí .......... 9

6.2 Féinmheastóireacht an tsoláthraí .......... 9

6.3 Na príomhchéimeanna i bpróiseas na féinmheastóireachta .......... 9

**7. Príomhchuairt an athbhreithnithe** .......... **12**

7.1 Freagrachtaí soláthraithe .......... 12

7.2 Freagrachtaí fhoireann an athbhreithnithe .......... 13

**8. Tuarascáil an athbhreithnithe** .......... **14**

**9. Iar-obair iar-athbhreithnithe** .......... **15**

**Aguisín A: amlíne phróiseas an athbhreithnithe** .......... **16**

**Aguisín B: treoirlínte féinmheastóireachta don soláthraí** .......... **20**

**Aguisín C: struchtúr don tuarascáil féinmheastóireachta** .......... **24**

**Aguisín D: róil agus freagrachtaí fhoireann an athbhreithnithe** .......... **29**

**Aguisín E: ceisteanna samplacha mar threoir don phríomhchuairt** .......... **36**

# 1. Réamhrá

Mínítear sa lámhleabhar seo an tslí ar cheart do sholáthraithe neamhspleácha agus príobháideacha athbhreithniú seachtrach um dhearbhú cáilíochta (DC) CINNTE (2026-28) a dhéanamh. Leagtar amach ann cuspóir an athbhreithnithe, príomhchéimeanna an phróisis, agus freagrachtaí soláthraithe agus fhoireann an athbhreithnithe.

Scrúdaítear san athbhreithniú an tacaíocht a thugann córas DC soláthraí don oideachas ardchaighdeáin, don fheabhsú leanúnach agus d'eispéireas dearfach don soláthraí. Baineann sé le gach clár as a leanann dámhachtain QQI agus dírítear ann ar rialachas, teagasc agus foghlaim, tacaíochtaí d'fhoghlaimeoirí agus socruithe monatóireachta.

Ba chóir an lámhleabhar seo a léamh i gcomhar leis na téarmaí tagartha (TT)[1], ina leagtar amach cuspóirí, critéir, agus réimsí táscacha taiscéalaíochta an athbhreithnithe.

Is cuid de ról reachtúil QQI é an t-athbhreithniú[2] ó thaobh cáilíocht san oideachas agus oiliúint a dhearbhú. Ní mór do sholáthraithe athbhreithniú rialta a dhéanamh ar chórais DC soláthraithe le deimhniú go bhfuil siad éifeachtach agus go gcuirtear i bhfeidhm ar shlí chomhsheasmhach é. Tá feidhm ag Croí-Threoirlínte um Dhearbhú Cáilíochta de chuid QQI maidir le gach soláthraí agus aibhsítear iontu gur ar gach soláthraí atá an fhreagracht as cáilíocht. Ceanglaítear ar sholáthraithe neamhspleácha agus príobháideacha a chinntiú go léiríonn a gcuid córas DC ina n-iomláine Treoirlínte Sain-earnála QQI um Dhearbhú Cáilíochta do Sholáthraithe Neamhspleácha agus Príobháideacha.

Is comhpháirteanna riachtanacha de chóras éifeachtach dearbhaithe cáilíochta soláthraí iad an fhéinmheastóireacht, an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú rialta. Leagtar amach i mBeartas QQI um Athbhreithniú Timthriallach ar Institiúidí Ardoideachais raon feidhme, cuspóir, critéir agus cur chuige an athbhreithnithe.

Cloíonn an t-athbhreithniú le cur chuige a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta aige agus atá comhsheasmhach leis na Caighdeáin agus Treoirlínte um Dhearbhú Cáilíochta i Limistéar Eorpach an Ardoideachais (ESG 2015). Áirítear ann:

- na téarmaí tagartha (TT) – a fhoilsítear i dtús báire chun raon feidhme agus cuspóirí a shainmhíniú
- an tuarascáil féinmheastóireachta (TF)
- an t-athbhreithniú seachtrach agus príomhchuairt an athbhreithnithe – arna seoladh ag foireann neamhspleách athbhreithnithe chun an TF a bhailíochtú agus fianaise a bhailiú.

1 Treoirlínte Earnáil-Shonracha QQI (2026) maidir le Dearbhú Cáilíochta do Sholáthraithe Neamhspleácha agus Príobháideacha Téarmaí Tagartha.

2 Ceanglaíonn Ailt 27(b) agus 34 den Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2012 (leasaithe) ar QQI éifeachtúlacht agus feidhmiú nósanna imeachta DC soláthraí a mheas.

- tuarascáil an athbhreithnithe– a fhoilsíonn QQI, ina leagtar amach torthaí, ardmholadh agus moltaí.
- an próiseas iar-oibre – monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhartha an tsoláthraí mar fhreagairt ar an athbhreithniú.

# 2. Cuspóir an athbhreithnithe

Scrúdaítear san athbhreithniú seachtrach cé chomh maith is a bhainistíonn soláthraí a chóras inmheánach DC[3]. Tá sé mar aidhm aige:

- Tacú le feabhsú leanúnach i seirbhísí oideachais, oiliúna agus tacaíochta d'fhoghlaimeoirí.
- Taithí an fhoghlaimeora a bhreisiú.
- Faisnéis phoiblí iontaofa a sholáthar faoi cháilíocht agus bailíocht clár atá bailíochtaithe ag QQI as a leanann dámhachtainí sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC).

# 3. Cé dóibh an lámhleabhar seo?

- Ardbhainisteoirí agus baill foirne atá freagrach as DC.
- Daoine a bhfuil baint acu le hullmhú tuarascáil féinmheastóireachta (TF) an tsoláthraí.
- Baill fhoireann an athbhreithnithe arna gceapadh ag QQI.

3 Cuimsítear sna téarmaí tagartha achoimre de chúig chuspóir fhoirmiúla an athbhreithnithe sheachtraigh ar dhearbhú cáilíochta, mar a shainítear i mBeartas QQI um Athbhreithniú Timthriallach ar Institiúidí Ardoideachais.

# 4. Céimeanna an athbhreithnithe

Cúig chéim atá sa phróiseas athbhreithnithe[4] agus tá sé leagtha amach in Aguisín A:




# 5. Freagrachtaí soláthraithe

Tá ról lárnach ag soláthraí ó thaobh rath an athbhreithnithe sheachtraigh a chinntiú. Eagraítear na freagrachtaí i bhfoirm céimeanna chun soiléire agus treoir phraiticiúil a sholáthar.

## CÉIM 1: ULLMHÚ

- **Na TT a dheimhniú:**
  Téigh i dteagmháil le QQI chun raon feidhme agus cuspóirí an athbhreithnithe a dheimhniú. Leagtar amach sna TT réimsí fócais agus critéir an athbhreithnithe, ionas go mbeidh tuiscint ag gach ball foirne lena mbaineann ar impleachtaí an athbhreithnithe.
- **Comhordaitheoir an athbhreithnithe a cheapadh:**
  Ball foirne sinsearach a ainmniú mar phríomhphointe teagmhála do QQI agus d’fhoireann an athbhreithnithe. Ba chóir don duine seo cumarsáid a bhainistiú, lóistíocht a chomhordú, agus maoirseacht a dhéanamh ar thaisceadh na ndoiciméad riachtanach.

4 Leagtar amach in Aguisín A amlíne phróiseas athbhreithnithe CINNTE, ina sonraítear gach céim, a cuspóir, frámaí ama táscacha, agus na torthaí ionchasacha.

Áirítear ar na freagrachtaí:

- Forbairt, formheas agus taisceadh na tuarascála féinmheastóireachta a chomhordú
- Teagmháil a dhéanamh le QQI maidir le sceideal na pleanála agus na gcuairteanna
- Lóistíocht chuairt an athbhreithnithe a bhainistiú
- Ábhair bhreise a sholáthar de réir mar is gá
- Casadh ar fhoireann an athbhreithnithe agus freastal ar sheisiúin
- Freagairt an tsoláthraí ar an tuarascáil athbhreithnithe a chomhordú

- **An próiseas féinmheastóireachta a phleanáil[5]:**
Foireann féinmheastóireachta a bhunú, amlínte a chomhaontú, agus rannpháirtíocht leathan geallsealbhóirí a chinntiú. Baill foirne ó fheidhmeanna éagsúla agus ionadaithe foghlaimeoirí a áireamh chun dearcadh cothrom a sholáthar. Ba chóir d'fhoireann bheag inmheánach an próiseas a threorú, agus líon na mball a bheith ag brath ar mhéid an tsoláthraí ach ionadaíocht d'fhoghlaimeoirí a áireamh nuair is féidir. Is ball lárnach é comhordaitheoir an athbhreithnithe.
- **An tuarascáil féinmheastóireachta (TF) a ullmhú agus a chur isteach[6]:**
Ba cheart don tuarascáil féinmheastóireachta a bheith cuimsitheach, fianaisebhunaithe, agus measúnú criticiúil a dhéanamh ar a éifeachtaí atá na socruithe DC. Ní mór do phríomhfheidhmeannach an tsoláthraí é a cheadú sula dtaisctear é agus é a sheachadadh faoin spriocdháta comhaontaithe.
- **Doiciméid tacaíochta a chur ar fáil:**
Cuir doiciméid bhreise a ndéantar tagairt dóibh sa TF ar fáil d'fhoireann an athbhreithnithe. Cinntigh go bhfuil siad seo eagraithe go maith agus intuigthe.

## CÉIM 2: CRUINNIÚ PLEANÁLA

- **Freastal ar an gcruinniú pleanála:**
Cathaoirleach fhoireann an athbhreithnithe agus an t-athbhreithneoir comhordaithe mar aon leis an bpríomhfheidhmeannach, comhordaitheoir an tsoláthraí agus baill den ardbhainistíocht a bhíonn i láthair ag an gcruinniú seo, a thionóltar ar líne de ghnáth thart ar cheithre seachtaine roimh phríomhchuairt an athbhreithnithe.
- **Ullmhaigh don phlé:**
Is é príomhchuspóir an chruinnithe gnéithe den tuarascáil féinmheastóireachta a shoiléiriú, nuashonruithe a sholáthar ar fhorbairtí eagraíochtúla, sceideal na cuairte a dheimhniú, socruithe lóistíochta do phríomhchuairt an athbhreithnithe a chomhaontú agus aon doiciméadacht bhreise riachtanach a dheimhniú.

5 Leagtar amach in Aguisín B treoirlínte maidir le féinmheastóireacht chuimsitheach agus fhianaisebhunaithe a chur i dtoll a chéile. Déantar cur síos ann ar phrionsabail na féinmheastóireachta éifeachtaí, foinsí fianaise, ceisteanna machnamhacha, agus modheolaíochtaí molta chun próiseas láidir agus cuimsitheach a chinntiú atá ailínithe leis na TT.

6 Soláthraítear in Aguisín C struchtúr samplach don TF, mar aon le moltaí praiticiúla maidir le dearadh agus cur i láthair.

- **Seisiún mionteagaisc do rannpháirtithe inmheánacha**:
  A chinntiú go dtuigeann na rannpháirtithe atá sceidealta le freastal ar an gcruinniú pleanála cuspóir an chruinnithe, cineál an phlé agus tábhacht na rannpháirtíochta oscailte agus cuiditheach ó thús deireadh an phróisis.

## CÉIM 3: PRÍOMHCHUAIRT AN ATHBHREITHNITHE

- **Rochtain a éascú:**
  A chinntiú gur féidir le foireann an athbhreithnithe casadh ar bhaill foirne, foghlaimeoirí agus geallsealbhóirí ábhartha. Sceideal phríomhchuairt an athbhreithnithe a scaipeadh agus mionteagasc a chur ar rannpháirtithe maidir le cuspóir na cuairte.
- **An lóistíocht a shocrú:**
  Spásanna cruinnithe oiriúnacha a ullmhú a mbeidh teicneolaíocht iontaofa iontu do sheisiúin duine le duine agus do sheisiúin hibrideacha. Spás oibre príobháideach a chur ar fáil d'fhoireann an athbhreithnithe agus a chinntiú go bhfuil aon áiseanna comhaontaithe ar fáil.
- **Plé oscailte a chur chun cinn:**
  Na rannpháirtithe a spreagadh chun plé macánta cuiditheach a dhéanamh le linn cruinnithe. A aibhsiú gur cheart an plé a bheith bunaithe ar fhianaise agus measúil.

## CÉIM 4: TUAIRISCIÚ

- **Cruinneas na dréacht-tuarascála a athbhreithniú:**
  Seiceáil na fíricí sa dréacht-tuarascáil agus cuir isteach aon cheartuithe is gá laistigh den fhráma ama comhaontaithe. Cinntítear leis seo go dtugtar sa tuarascáil deiridh léiriú cruinn ar an eagraíocht.
- **Freagairt fhoirmiúil a ullmhú:**
- Freagairt ghonta a chur isteach ina ndírítear ar na príomhthorthaí agus ar na príomh-mholtaí. Foilseofar an fhreagairt seo in éineacht leis an tuarascáil deiridh.

## CÉIM 5: IAR-OBAIR

- **Plean Feidhmithe Cáilíochta a chur i dtoll a chéile:**
  Leag amach na gníomhartha trína ndíreofar ar mholtaí agus ar aon treoracha arna eisiúint ag QQI. Cuir amlínte, daoine atá freagrach as, agus torthaí intomhaiste san áireamh.
- **Tuarascáil Iar-oibre a thaisceadh:**
  Fianaise ar dhul chun cinn a chur ar fáil, tuairim is 6 mhí tar éis an athbhreithnithe. Aibhsigh feabhsuithe agus aon athruithe straitéiseacha a rinneadh ó aimsir an athbhreithnithe.
- **Teagmháil Leanúnach a Choimeád:**
  Lean den idirphlé le QQI chun monatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme agus chun díriú ar aon fhadhbanna a thagann chun cinn le linn thréimhse na hiar-oibre.

# 6. Próiseas an athbhreithnithe

## 6.1 FOIREANN AN ATHBHREITHNITHE - RÓIL AGUS FREAGRACHTAÍ[7]

Is é QQI a cheapann foireann an athbhreithnithe agus tá sé neamhspleách ar an soláthraí. Is é a cuspóir measúnú a dhéanamh ar a éifeachtaí atá socruithe DC an tsoláthraí agus torthaí fianaisebhunaithe a chur ar fáil. Roghnaítear an fhoireann dá saineolas agus d'éagsúlacht na taithí atá acu.

**Comhdhéanamh fhoireann an athbhreithnithe**

- **Cathaoirleach:**
  Ceannaire sinsearach a bhfuil taithí aige ar an ardoideachas agus/nó ar DC Déanann an cathaoirleach maoirseacht ar an bpróiseas, cinntíonn sé/sí comhsheasmhacht agus treoraíonn sé/sí seachadadh na dtuarascálacha athbhreithnithe ó bhéal agus deiridh araon.
- **An t-athbhreithneoir comhordaithe:**
  Freagrach as sreabhadh oibre fhoireann an athbhreithnithe a bhainistiú, fianaise a bhailiú, agus tuarascáil an athbhreithnithe a dhréachtú. Gníomhaíonn sé/sí mar an príomhtheagmhálaí idir foireann an athbhreithnithe agus QQI le linn an athbhreithnithe.
- **Ionadaí na bhfoghlaimeoirí:**
  Tugann sé/sí dearcadh an fhoghlaimeora isteach sa phróiseas athbhreithnithe, ag díriú ar thaithí agus rannpháirtíocht an fhoghlaimeora i bpróisis QQI.

Féadfar athbhreithneoirí breise a cheapadh lena n-áirítear saineolaithe ábhair nó daoine aonair a bhfuil eolas speisialaithe acu a bhaineann le comhthéacs an tsoláthraí, de réir mar is gá. Féadfaidh feidhmeannach de chuid QQI gníomhú mar athbhreithneoir freisin agus/nó ról an athbhreithneora chomhordaithe a chomhlíonadh.

7 Déantar cur síos in aguisín D ar róil, freagrachtaí, agus inniúlachtaí riachtanacha fhoireann an athbhreithnithe, lena n-áirítear an cathaoirleach, an t-athbhreithneoir comhordaitheach, agus athbhreithnitheoir na bhfoghlaimeoirí.

## 6.2 FÉINMHEASTÓIREACHT AN TSOLÁTHRAÍ

Is gné lárnach den phróiseas athbhreithnithe í an fhéinmheastóireacht. Cuireann sé ar chumas soláthraithe measúnú criticiúil a dhéanamh ar éifeachtacht a socruithe DC, láidreachtaí agus réimsí le haghaidh feabhsú a aithint, agus a léiriú conas a thacaíonn siad seo le breisiú leanúnach agus cuspóirí straitéiseacha.

Is é an TF an príomhaschur. Ba chóir go gcuirfí anailís shoiléir, fhianaisebhunaithe ar fáil ann ar láidreachtaí, ar dhúshláin agus ar ghníomhartha pleanáilte chun obair fhoireann an athbhreithnithe a threorú.

Seo iad tréithe na féinmheastóireachta éifeachtaí:

- **Tá cuspóir leis agus tá sé fócasaithe** – ailínithe leis na cuspóirí atá sna TT.
- **Ionchuimsitheach** – tá an fhoireann, foghlaimeoirí agus geallsealbhóirí seachtracha ábhartha páirteach ann.
- **Fianaisebhunaithe** – le tacaíocht ó shonraí cainníochtúla agus cáilíochtúla.
- **Anailíseach, ní tuairisciúil** – measúnú criticiúil a dhéanamh ar éifeachtacht seachas gníomhaíochtaí a liostú.
- **Trédhearcach agus macánta** – dúshláin a admháil agus gníomhartha feabhsúcháin a aithint.

## 6.3 NA PRÍOMHCHÉIMEANNA I BPRÓISEAS NA FÉINMHEASTÓIREACHTA

### A. Pleanáil

Chun pleanáil éifeachtach a dhéanamh is gá dóthain ama chun labhairt go lánbhríoch le baill foirne agus le foghlaimeoirí. Ba cheart go ndéanfaí soláthar sna hamlínte do bhailiú agus d'anailís ar fhianaise, do dhreachtú na tuarascála, d'aiseolas a fháil agus chun an tuarascáil deiridh a cheadú sula dtaisctear í. Ní mór dóthain ama a bheith ar fáil, leis, chun cruinnithe a sceidealú leis an gcomhlacht rialachais lena mbaineann chun an TF a cheadú go hoifigiúil, chomh maith le formhuiniú an phríomhfheidhmeannaigh a fháil sula dtaisctear an tuarascáil.

Ba cheart príomhghníomhaíochtaí, clocha míle agus amlínte a chomhaontú ag an tús, agus cruinnithe dul chun cinn rialta a sceidealadh.

### B. Rannpháirtíocht páirtithe leasmhara

Ba cheart go mbeadh baill foirne, foghlaimeoirí, agus geallsealbhóirí seachtracha páirteach san athbhreithniú ar bhealach atá oiriúnach do mhéid agus do chineál na heagraíochta. Ba cheart don fhoireann féinmheastóireachta príomhghrúpaí geallsealbhóirí a aithint go luath agus slite chun dul chun cainte leo a phleanáil. Ba cheart go mbeadh deiseanna iomadúla ar fáil le haghaidh ionchuir agus plé. Ba cheart go mbeadh róil teagaisc, riaracháin, gairmiúla agus tacaíochta san áireamh i rannpháirtíocht na foirne. Ba cheart go mbeadh daoine ó chúlraí, ó chláir agus ó sheirbhísí éagsúla i gceist in ionadaithe na bhfoghlaimeoirí. Ba cheart dul i gcomhairle le geallsealbhóirí seachtracha freisin.

### C. Bailiú fianaise

Ba cheart réimse modheolaíochtaí, uirlisí agus tacaíochtaí a úsáid chun rannpháirtíocht éifeachtach a chumasú do gach grúpa geallsealbhóirí.

Ba cheart don straitéis chumarsáide:

- cuspóir agus tábhacht na féinmheastóireachta a mhíniú
- rannpháirtíocht a uasmhéadú
- tuiscint a chothú ar úinéireacht chomhroinnte na tuarascála
- a chinntiú gur tuarascáil ionadaíoch a bheidh sa tuarascáil deiridh

### D. An TF á dhréachtú

Ba cheart don TF a bheith ina anailís shoiléir, fianaisebhunaithe (suas le 15,000 focal)[8] ar chur chuige an tsoláthraí i leith DC agus i leith an bhreisithe. Is é a phríomhchuspóir measúnú a dhéanamh ar cé chomh maith agus a chomhlíonann an soláthraí gach cuspóir sna TT agus gach cuspóir á phlé i roinn ar leith. Tá teimpléad ar fáil in Aguisín C.

Ba chóir don tuarascáil:

- a bheith gonta, saor ó bhéarlagair, agus intuigthe
- cothromaíocht a bhaint amach idir faisnéis chomhthéacsúil agus meastóireacht chriticiúil
- dearcadh an tsoláthraí ar cháilíocht agus ar éifeachtacht DC a chur i láthair, agus fianaise mar thaca leis
- meastóireacht mhacánta a thairiscint agus dúshláin a admháil
- léaráidí nó cairteacha sreafa a úsáid nuair is cabhair iad
- feidhmíocht agus éifeachtacht a achoimriú, agus gníomhartha pleanáilte a shainaithint as a dtiocfaidh plean feabhsúcháin soiléir

### E. Ceadú inmheánach agus taisceadh an TF

Sula dtaisctear í, ní mór do cheann an tsoláthraí (e.g., uachtarán nó príomhfheidhmeannach) an TF a shíniú. Deimhníonn sé seo go dtugtar léiriú cruinn sa TF ar chur chuige DC agus gníomhaíocht feabhsúcháin an tsoláthraí. Ba chóir an TF agus doiciméid tacaíochta a chur isteach go leictreonach trí SharePoint QQI faoin spriocdháta comhaontaithe.

Nuair a gheofar é, roinnfear an TF le foireann an athbhreithnithe. Ba cheart aon ábhar rúnda nó íogair tráchtála a stóráil ar leithligh agus ní chuirfear ar fáil é ach do QQI agus d'fhoireann an athbhreithnithe.

Foilseoidh QQI agus an soláthraí an TF roimh an phríomhchuairt agus ba chóir é a chur ar fáil do bhaill foirne agus d'fhoghlaimeoirí atá sceidealta chun casadh ar fhoireann an athbhreithnithe.

8 Braithfidh fad an TF ar mhéid an tsoláthraí agus ar raon na gclár QQI a thairgtear. Níor cheart níos mó ná 15,000 focal a bheith ann, gan aguisíní a áireamh.

# 7. Príomhchuairt an athbhreithnithe

Is céim ríthábhachtach sa phróiseas athbhreithnithe seachtrach í an phríomhchuairt. Is ann a fhaigheann foireann an athbhreithnithe deis chun TF a dheimhniú agus fianaise bhreise a bhailiú trí labhairt go díreach le baill foirne, foghlaimeoirí agus geallsealbhóirí. Tá freagrachtaí ar leith ar an soláthraí agus ar fhoireann an athbhreithnithe araon chun a chinntiú go n-éiríonn leis an gcuairt agus go mbaintear a cuspóir amach.

## 7.1 FREAGRACHTAÍ SOLÁTHRAITHE

Is é ról an tsoláthraí le linn na príomhcuairte timpeallacht a chruthú ina dtacaítear le hidirphlé oscailte, cuiditheach agus bailiú fianaise éifeachtach.

- **Na rannpháirtithe a ullmhú:**
  Ba chóir tuiscint a bheith ag an bhfoireann, ag foghlaimeoirí agus ag geallsealbhóirí ar chuspóir na cuairte agus ar a mbeifear ag súil leis uathu. Ba chóir, i seisiúin mhionteagaisc, go míneofaí próiseas an athbhreithnithe, mar aon leis an tábhacht a bhaineann le faisnéis mhacánta agus chruinn a sholáthar, agus dearbhú a thabhairt do rannpháirtithe gur pléití gairmiúla, dírithe ar fheabhsú cáilíochta a bheidh ann.
- **An lóistíocht a eagrú:**
  Ba chóir go mbeadh na spásanna cruinnithe oiriúnach do phlé rúnda agus iad feistithe le teicneolaíocht iontaofa do sheisiúin hibrideacha más gá. Ba chóir spás oibre príobháideach a sholáthar d'fhoireann an athbhreithnithe, mar aon le rochtain ar Wi-Fi agus aon áiseanna comhaontaithe. Cabhraíonn na socruithe seo leis an bhfoireann oibriú go héifeachtach agus rúndacht a choinneáil.
- **Doiciméid a sholáthar:**
  Ba chóir doiciméid tacaíochta dá dtagraítear sa TF a bheith eagraithe go maith agus ar fáil gan dua. Áirítear leis seo beartais, nósanna imeachta agus fianaise ar ghníomhaíochtaí DC.
- **Rochtain a éascú:**
  Ba cheart láithreacht na rannpháirtithe sceidealta a dheimhniú agus a chinntiú go bhfuil an tsolúbthacht ann chun aon athruithe a iarrann foireann an athbhreithnithe a chur i gcrích. Ba cheart don soláthraí a chinntiú freisin gur féidir le foireann an athbhreithnithe bualadh le raon éagsúil den fhoireann agus de na foghlaimeoirí chun léargas cuimsitheach a fháil ar chleachtais DC.
- **Rannpháirtíocht ghairmiúil a chur chun cinn:**
  Spreagtar na rannpháirtithe chun labhairt amach go hoscailte agus fianaise a chur ar fáil. Ba cheart go mbeadh an plé measúil, fianaisebhunaithe agus dírithe ar chuspóirí an athbhreithnithe.

## 7.2 FREAGRACHTAÍ FHOIREANN AN ATHBHREITHNITHE

Is é ról fhoireann an athbhreithnithe cuairt a dhéanamh ar shlí struchtúrtha, chothrom agus ghairmiúil, agus a chinntiú go mbíonn torthaí na cuairte bunaithe ar fhianaise shoiléir.

Ba cheart d'fhoireann an athbhreithnithe:

- **Fianaise a bhailíochtú:**
  Déanfaidh an fhoireann an TF agus doiciméid tacaíochta a athbhreithniú le cruinneas agus iomláine a dheimhniú. Cinntítear sa chéim seo go bhfuil na conclúidí bunaithe ar fhíricí.
- **Cruinnithe a reáchtáil:**
  Beidh na cruinnithe faoi stiúir fhoireann an athbhreithnithe agus dearfar iad sa tslí is gur féidir príomhréimsí an athbhreithnithe a iniúchadh. Féadfaidh ceisteanna díriú ar nithe lasmuigh de na topaicí pleanáilte chun pointí ón TF nó ó phlé roimhe seo a shoiléiriú.
- **Gairmiúlacht a choinneáil:**
  Ba cheart go mbeadh gach idirghníomhaíocht measúil agus dírithe ar fhianaise a bhailiú. Leanfaidh cruinnithe an sceideal comhaontaithe, ach d'fhéadfadh go mbeadh solúbthacht ag teastáil chun díriú ar shaincheisteanna atá ag teacht chun cinn.
- **Torthaí a bhailiú:**
  Déanfaidh an fhoireann fianaise a thaifeadadh i rith na cuairte chun tacú le conclúidí, ardmholadh agus moltaí. Áirítear leis seo breathnóireachtaí ó chruinnithe agus athbhreithniú ar dhoiciméid.
- **Aiseolas réamhchéime a shoiléiriú:**
  Ag deireadh na cuairte, tabharfaidh an cathaoirleach gearrchuntas ó bhéal ar na chéad torthaí. Ní plé a bheidh anseo ach míniú don soláthraí ar na chéad chéimeanna eile a bheith i gceist.

Tá róil agus freagrachtaí fhoireann an athbhreithnithe leagtha amach go hiomlán in Aguisín D.

# 8. Tuarascáil an athbhreithnithe

Cuirtear torthaí fhoireann an athbhreithnithe i láthair i dtuarascáil an athbhreithnithe agus soláthraítear ann dearbhú soiléir, fianaisebhunaithe go bhfuil córais éifeachtacha ag an soláthraí chun oideachas ardchaighdeáin a sheachadadh. Cuirtear an tuarascáil i dtoll a chéile i stíl a thuigfidh an pobal i gcoitinne, lena n-áirítear foghlaimeoirí, an fhoireann, comhpháirtithe seachtracha agus an pobal, agus áirítear léi ardmholadh agus moltaí chun feabhsúcháin.

Ba chóir don tuarascáil:

- a bheith bunaithe ar fhianaise dhoiciméadaithe a bailíodh roimh agus le linn na príomhchuairte
- anailís shoiléir, dhírithe a thairiscint gan cur síos neamhriachtanach
- tráchtanna ar dhaoine aonair a sheachaint agus a chinntiú gur aiseolas cuiditheach is ea a chuirtear ar fáil
- torthaí agus moltaí a chur i láthair ar bhealach díreach, intuigthe

Bíonn gach ball d'fhoireann an athbhreithnithe páirteach i bpróiseas an dréachtaithe. Is iad nótaí ó chruinnithe agus ó phlé a bhíonn mar bhunús leis an tuarascáil, agus sanntar ranna ar leith d'athbhreithneoirí ar leith, de réir mar is cuí. Cuireann an t-athbhreithneoir comhordaithe na ranna le chéile i ndréacht soiléir agus sothuigthe, a chomhaontaíonn an fhoireann agus a shíníonn an cathaoirleach sula gcuirtear faoi bhráid QQI é.

Tar éis é a thaisceadh, déanfaidh an soláthraí seiceáil ar chruinneas na sonraí fíorasacha agus féadfaidh sé ceartúcháin a mholadh ar mhionsonraí amhail sonraí nó teidil. Ní féidir le soláthraithe fianaise nua a thabhairt isteach ag an gcéim seo. Cuireann an soláthraí freagra gearr foirmiúil isteach freisin, a fhoilsítear leis an tuarascáil deiridh.

Breithneoidh QQI's Coiste um Cheadú agus Athbhreithniú (ARC) de chuid QQI tuarascáil fhoireann an athbhreithnithe, seiceáil cruinneas na bhfíricí (más ann) agus freagra an tsoláthraí (más ann). Tar éis an bhreithnithe, féadfaidh an ARC treoracha a eisiúint don soláthraí faoi alt 35 d'Acht 2012 (leasaithe) ina gceanglaítear feabhsuithe ar nósanna imeachta DC i gcás ina n-aithnítear easnaimh[9].

Tar éis don ARC an tuarascáil a cheadú, foilsíonn QQI agus an soláthraí an tuarascáil agus freagra an tsoláthraí. Foilsítear próifíl cáilíochta aonleathanaigh ina ndéantar achoimre ar phríomhthorthaí, ar ardmholadh agus ar mholtaí agus dírítear é seo ar an bpobal i gcoitinne.

9 Tugtar in Alt 35 d'Acht 2012 (arna leasú) cumhacht do QQI treoracha ceangailteacha a eisiúint do sholáthraithe tar éis athbhreithniú ina gceanglaítear orthu feabhsuithe a dhéanamh ar nósanna imeachta DC i gcás ina bhfaightear easnaimh.

# 9. Iar-obair iar-athbhreithnithe

Tar éis cheadú agus foilsiú thuarascáil an athbhreithnithe:

- Ní mór don soláthraí plean cur chun feidhme cáilíochta a thaisceadh ina leagtar amach gníomhartha trína ndíreofar ar mholtaí agus ar aon treoracha arna eisiúint ag QQI.
- Aontóidh QQI amlíne leis an soláthraí chun na gníomhartha seo a chur i bhfeidhm. Tá an amlíne agus an próiseas iar-oibre mionsonraithe i lámhleabhar an athbhreithnithe.
- I gcás ina n-eisítear treoracha, oibreoidh QQI leis an soláthraí chun plean gníomhaíochta láithreach a chomhaontú ina sonrófar céimeanna agus frámaí ama a réiteofar na saincheisteanna a sainaithníodh lena linn.
- Má mheasann QQI nach leor an dul chun cinn, féadfaidh sé athbhreithniú fócasaithe a thionscnamh faoi Alt 34(1)(b) d'Acht 2012 (arna leasú) chun a chinneadh cibé ar cheart nósanna imeachta DC an tsoláthraí a tharraingt siar[10].

10 Mar atá leagtha amach i mBeartas QQI maidir le hAthbhreithniú Timthriallach ar Institiúidí Ardoideachais, féadfaidh QQI athbhreithniú fócasaithe a dhéanamh ar nósanna imeachta DC soláthraí mar fhreagairt ar imní a cuireadh faoina bhráid i ndáil le cur i bhfeidhm agus éifeachtacht nósanna imeachta DC soláthraí faoi alt 34(1)(b) d'Acht 2012 (leasaithe).

# Aguisín A: amlíne phróiseas an athbhreithnithe

Leagtar amach thíos na príomhchéimeanna sa phróiseas athbhreithnithe agus na hamlínte táscacha. Aontaíonn QQI go foirmiúil dátaí ar leith do gach athbhreithniú agus fógraítear iad don soláthraí. Leagfaidh QQI iad seo amach i sceideal a fhoilseofar maidir leis an athbhreithniú agus d'fhéadfaí iad a nuashonrú de réir mar is gá.

| Céim | Gníomh | Tréimhse ama | Toradh |
|---|---|---|---|
| **CÉIM 1: Ullmhú** | | | |
| Téarmaí Tagartha (TT) | Dul i gcomhairle leis an soláthraí agus na TT a dheimhniú leis | 6 mhí roimh phríomhchuairt an athbhreithnithe | Na TT a fhoilsiú |
| Fógairt an athbhreithnithe | Litir thús an athbhreithnithe a eisiúint | 6 mhí roimh phríomhchuairt an athbhreithnithe | Déantar na socruithe don athbhreithniú a dheimhniú |
| Ceaptar foireann an athbhreithnithe | Dul i gcomhairle leis an soláthraí maidir le coinbhleachtaí leasanna féideartha. Foireann an athbhreithnithe a cheapadh. | 4-6 mhí roimh phríomhchuairt an athbhreithnithe | Próifíl fhoireann an athbhreithnithe a fhoilsiú |
| Tuarascáil féinmheastóireachta (TF) | An TF agus aon eolas breise a chur ar aghaidh chuig QQI | 8 seachtaine roimh phríomhchuairt an athbhreithnithe | An TF a fhoilsiú |
| Athbhreithniú deisce | Déanann foireann an athbhreithnithe athbhreithniú deisce ar an TF | Seachtain roimh an gcéad chruinniú d'fhoireann an athbhreithnithe | Cuireann foireann an athbhreithnithe a chéad fhreagairt ar an TF ar fáil |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Seisiún mionteagaisc d'fhoireann an athbhreithnithe (ar Microsoft Teams) 2 sheisiún (c. 60-90 nóim) | Seisiún 1: An chéad chruinniú d'fhoireann an athbhreithnithe, lena n-áirítear daoine a chur in aithne, oiliúint agus seisiún mionteagaisc d'athbhreithneoirí | 4 seachtaine tar éis scaipeadh an TF / 4 seachtaine roimh phríomhchuairt an athbhreithnithe | Oiliúint agus seisiún teagaisc d'fhoireann an athbhreithnithe tugtha chun críche. |
| | Seisiún 2: Pléann foireann an athbhreithnithe na chéad imprisin agus aithnítear aon doiciméid bhreise a bheidh ag teastáil | | Aithníonn foireann an athbhreithnithe príomhthéamaí agus aon doiciméid bhreise atá riachtanach |
| **Céim 2: Cruinniú Pleanála** | | | |
| Cruinniú pleanála (ar Microsoft Teams) (thart ar 60 nóiméad) | Pléann foireann an athbhreithnithe agus an soláthraí próiseas an TF, sceideal na príomhchuairte agus aon iarratais ar dhoiciméid bhreise | 3 seachtaine roimh phríomhchuairt an athbhreithnithe | Nóta aontaithe ar an gcruinniú pleanála. |
| **CÉIM 3: Príomhchuairt an athbhreithnithe** | | | |
| Príomhchuairt an athbhreithnithe (go pearsanta) | Breithníonn foireann an athbhreithnithe fianaise ar phróisis DC an tsoláthraí i gcomparáid leis na cuspóirí agus na critéir atá leagtha amach sna TT. | 8 seachtain tar éis an TF a fháil | Réamhthuairisc ghearr ó bhéal chuig an soláthraí |

| **CÉIM 4: Tuairisciú** | | | |
|---|---|---|---|
| Tuarascáil - céim an dréachtaithe | Ullmhaíonn foireann an athbhreithnithe an dréacht-tuarascáil | 4 seachtaine tar éis phríomhchuairt an athbhreithnithe | Athbhreithníonn QQI an tuarascáil |
| | Déanann an soláthraí seiceáil ar chruinneas fíriciúil na tuarascála | 6 seachtaine tar éis phríomhchuairt an athbhreithnithe | |
| | Freagraíonn an soláthraí aon cheartuithe cruinnis fíricí (agus tosaíonn sé ag ullmhú a fhreagra) | Seachtain tar éis an dréacht-tuarascáil a fháil | |
| | Breithníonn foireann an athbhreithnithe na ceartuithe cruinnis fíricí agus tugtar an tuarascáil chun críche. | 2 seachtaine tar éis an fhreagra faoi chruinneas fíricí | |
| Tuairisc – freagairt an tsoláthraí | Freagra an tsoláthraí a thaisceadh | Seachtain tar éis na tuarascála deiridh | Freagairt an tsoláthraí |
| Tuairisc – torthaí | Breithníonn QQI torthaí na tuarascála agus freagra agus an tsoláthraí trí phróisis rialachais | An chéad chruinniú eile atá ar fáil de Choiste Dámhachtainí agus Athbhreithnithe QQI (ARC) | Cinneadh foirmiúil mar gheall ar éifeachtúlacht nósanna imeachta DC. |
| | Foilsítear tuarascáil an athbhreithnithe mar aon le freagra an tsoláthraí | faoi réir cheadú ARC | Foilsítear an tuarascáil i leabharlann athbhreithnithe QQI |
| Cinntear an próiseas leantach bunaithe ar na torthaí sa tuarascáil agus de ghnáth áirítear leis plean feidhmiúcháin a chur i dtoll a chéile mar aon le tuarascáil leantach ina dhiaidh sin. I gcásanna ina n-eisítear treoracha don soláthraí, féadfaidh gníomhartha níos sainiúla agus breise a bheith san áireamh sa tréimhse iar-oibre. | | | |

| **CÉIM 5: Iar-obair** | | | |
|---|---|---|---|
| Iar-obair | Seolann an soláthraí a phlean feidhmithe cáilíochta chuig QQI. | 8 seachtain tar éis fhoilsiú na tuarascála | Foilsítear an tuarascáil i leabharlann athbhreithnithe QQI |
| | Cuireann an soláthraí tuarascáil iar-oibre ar aghaidh chuig QQI | 6 mhí tar éis phríomhchuairt an athbhreithnithe | Foilsíonn QQI tuarascáil iar-oibre |
| | Lean den idirphlé le QQI chun monatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme agus chun díriú ar aon fhadhbanna a thagann chun cinn le linn thréimhse na hiar-oibre. | Leanúnach | |

# Aguisín B: treoirlínte féinmheastóireachta don soláthraí

## 1. CUSPÓIR

Cuireann an t-aguisín seo treoir ar fáil chun tacú le soláthraithe agus iad ag forbairt agus ag cur próiseas féinmheasúnaithe córasach, cuimsitheach agus criticiúil i bhfeidhm. Is é an cuspóir atá leis a chinntiú go ndéantar measúnú éifeachtach ar shocruithe dearbhaithe cáilíochta (DC) i bhféinmheastóireacht an tsoláthraí agus go gcuireann sí go bríoch le breisiú leanúnach.

Ní aon chur chuige amháin a mholtar sna treoirlínte. Ina áit sin, cuireann siad paraiméadair sholúbtha ar fáil ionas gur féidir le soláthraithe an próiseas a chur in oiriúint dá gcomhthéacs eagraíochtúil agus ailíniú a chinntiú ag an am céanna leis na TT agus le cuspóirí an athbhreithnithe sheachtraigh.

## 2. SAINTRÉITHE NA FÉINMHEASTÓIREACHTA ÉIFEACHTAÍ

Seo iad tréithe na féinmheastóireachta éifeachtaí:

- **tá cuspóir leis agus tá sé fócasaithe** – ailínithe leis na cuspóirí atá sna TT.
- **Comhtháite** - leabaithe i bpróisis eagraíochtúil atá ann cheana amhail pleanáil straitéiseach, monatóireacht agus athbhreithniú inmheánach.
- **Cuimsitheach** – tá an fhoireann, foghlaimeoirí agus geallsealbhóirí seachtracha ábhartha páirteach ann. Ba chóir go mbeadh an rannpháirtíocht bríoch agus go léireodh sé comhthéacs iomlán an tsoláthraí.
- **dian agus fianaisebhunaithe** - arna thacú ag sonraí agus doiciméid láidre. Ba cheart an anailís a bhunú go soiléir ar fhianaise seachas ar scéilíní ná ar thoimhdí.
- **luach breise** - deartha chun éifeachtacht institiúideach a neartú gan chastacht neamhriachtanach.
- **cumas- a mhéadú** - breisítear tuiscint na hinstitiúide ar DC agus cothaítear úinéireacht chomhroinnte.
- **faoi stiúir ceannairí** -- á chur chun cinn le tacaíocht ó ardbhainistíocht, trína gcinntítear go mbíonn an próiseas acmhainnithe a dhóthain agus suite go straitéiseach.
- **bunaithe ar mheastóireacht seachas a thuairisciú** - dírithe ar éifeachtacht na socruithe DC a mheasúnú, ní hamháin gníomhaíochtaí a liostú.
- **macánta agus machnamhach** - trédhearcach faoi láidreachtaí, dúshláin, agus réimsí ina bhfuil feabhsú de dhíth.

- **dírithe ar ghníomhaíocht** -- gintear gníomhaíochtaí réadúla feabhsúcháin a bheidh mar bhonn le breisiú DC amach anseo.

## 3. PRÍOMHCHEISTEANNA FÉINMHACHNAMHACHA

Ba cheart an próiseas féinmheastóireachta a bheith bunaithe ar fhiosrú struchtúrtha, machnamhach. Tacaíonn na ceisteanna seo a leanas le hanailís éifeachtach:

- Cad a dhéanaimid faoi láthair?
- Cén fáth a ndéanaimid é?
- Cé chomh héifeachtach is atá an cur chuige seo?
- Cad iad na ceachtanna atá foghlamtha againn?
- Cén t-athrú a chuirfimid i bhfeidhm as seo amach?

Ó thús deireadh an phróisis, ba cheart do sholáthraithe an cheist “Cá bhfios dúinn?” a chur le cinntiú go mbíonn fianaise infhíoraithe ag tacú le gach maíomh.

## 4. FRÁMA AMA DON FHÉINMHEASTÓIREACHT

Is gnách do sholáthraithe tús a chur leis an bhféinmheastóireacht sé mhí roimh an phríomhchuairt. Bíonn dóthain ama i gceist sa fhráma ama do na rudaí seo a leanas:

- teagmháil leordhóthanach leis na geallsealbhóirí.
- fianaise a bhailiú agus a anailísiú
- plé inmheánach, aiseolas agus comhdhlúthú
- ceadú lucht rialachais a fháil don tuarascáil féinmheastóireachta.
- ailíniú a dhéanamh leis na TT agus le cuspóirí an athbhreithnithe

Is fiú tosú go luath chun go mbeidh an próiseas machnamhach agus rannpháirteach seachas déanta faoi bhrú nó bunaithe ar chomhlíonadh amháin.

## 5. FOINSÍ FIANAISE

Bíonn féinmheastóireacht láidir bunaithe ar chineálacha éagsúla fianaise chun tacú le hanailís agus le conclúidí. Sainaithníodh na príomhchatagóirí fianaise seo a leanas:

A. **Sonraí cainníochtúla**
   - Sonraí rollaithe agus sonraí próifílí foghlaimeoirí
   - Rátaí rannpháirtíochta, forchéimnithe agus críochnaithe
   - Sonraí faoi chinn scríbe iarchéimithe
   - Scóir ó mhodúil agus ó mheastóireachtaí cláir
   - Líonta foirne, cóimheasa idir foghlaimeoirí agus foireann, samhlacha d’ualach oibre

B. **Sonraí cáilíochtúla**

- Tuairiscí machnamhacha ó aonaid acadúla agus riaracháin
- Aiseolas ó fhoghlaimeoirí (suirbhéanna, fócasghrúpaí)
- Tuarascálacha ó scrúdaitheoirí seachtracha agus aschuir ó phiar-athbhreithnithe
- Cineálacha cás-staidéir de nuálaíochtaí teagaisc nó tacaíochta d'fhoghlaimeoirí

C. **Fianaise dhoiciméadach**

- Pleananna straitéiseacha agus oibríochtúla
- Beartais agus nósanna imeachta DC agus doiciméid rialachais
- Tuairisceoirí cláir agus modúil (lena n-áirítear socrúcháin/foghlaim atá comhtháite leis an obair)
- Miontuairiscí agus tuarascálacha ó bhoird agus ó choistí

D. **Bailíochtú agus comhoibriú seachtrach**

- Aitheantas nó creidiúnú ó chomhlachtaí gairmiúla, reachtúla agus rialála
- Comhpháirtíochtaí le fostóirí, le lucht tionscail
- Caidreamh leis an bpobal agus le geallsealbhóirí seachtracha

E. **Ábhar anailíseach féinghinte**

- Anailísí SWOT nó PESTLE
- Tuarascálacha ar athbhreithnithe inmheánacha nó doiciméid féinstaidéir
- Tagarmharcáil i gcomparáid le caighdeáin náisiúnta nó idirnáisiúnta
- Pleananna gníomhaíochta agus tuarascálacha iar-oibre ó mheastóireachtaí Samplaí de thionscnaimh agus de bhreisithe institiúideacha

Ba cheart don bhonn ginearálta fianaise seo a bheith mar bhonn le meastóireacht, tacú le conclúidí, agus trédhearcacht a léiriú.

## 6. CAIDREAMH AGUS CUMARSÁID LE GEALLSEALBHÓIRÍ

Braitheann féinmheastóireacht rathúil ar chumarsáid láidir agus ar rannpháirtíocht ar fud na heagraíochta. Ba cheart do sholáthraithe:

- plean soiléir cumarsáide a chur i dtoll a chéile, ina leagtar amach cuspóir, ionchais agus deiseanna le haghaidh rannpháirtíochta.
- rannpháirtíocht ghinearálta a chinntiú, lena n-áirítear an fhoireann teagaisc, foireann ghairmiúil/tacaíochta, foghlaimeoirí agus geallsealbhóirí)
- bealaí éagsúla a thairiscint le bheith rannpháirteach (m.sh. cruinnithe, suirbhéanna, ceardlanna, fócasghrúpaí)

- úinéireacht chomhroinnte a chothú tríd an tslí a n-úsáidfear an t-aiseolas mar bhonn don TF a mhíniú

Ba cheart don rannpháirtíocht a bheith barántúil agus go léireodh sé éagsúlacht na bhfoghlaimeoirí, na gclár agus na modhanna seachadta.

## 7. ASCHUR: AN TUARASCÁIL FÉINMHEASTÓIREACHTA (TF)

Is é an TF an príomhaschur ón bpróiseas féinmheastóireachta. Ba cheart dó a bheith:

- **Anailíseach agus fianaisebhunaithe** --ag díriú ar éifeachtúlacht a mheas faoi gach ceann de chuspóirí na TT.
- **Soiléir, gonta agus intuigthe** -- é dírithe ar an bpobal i gcoitinne agus gan tuairisciú neamhriachtanach a bheith ann.
- **Struchtúrtha** -- ag cloí le formáid atá leagtha amach in Aguisín C.
- **Macánta** -- ina n-admhaítear an laige agus an neart.
- **Ag féachaint chun cinn** -- trí ghníomhartha réalaíocha breisiúcháin a shainaithint.

Ba chóir go mbeadh innéacs fianaise mar thaca leis an tuarascáil féinmheastóireachta (TF) agus go mbeadh sí ceadaithe ag ceann an tsoláthraí sula dtaisctear í.

# Aguisín C: struchtúr don tuarascáil féinmheastóireachta

Soláthraíonn an t-aguisín seo struchtúr molta don tuarascáil féinmheastóireachta (TF). Is é an cuspóir atá leis tacú le soláthraithe chun meastóireacht shoiléir, anailíseach agus fianaisebhunaithe a chur i láthair ar a socruithe DC i gcomhréir leis na TT don athbhreithniú seachtrach DC.

Tá an struchtúr deartha chun:

- tacú le hinléiteacht d'fhoireann an athbhreithnithe agus do lucht féachana seachtrach
- comhsheasmhacht a chur chun cinn i measc aighneachtaí soláthraithe
- a chinntiú go bhfuil an mheastóireacht ailínithe le cuspóirí an athbhreithnithe
- cur síos neamhriachtanach a íoslaghdú trí anailís ghearr, dhírithe a chothú

Chun soiléire agus inrochtaineacht a uasmhéadú, ba chóir do sholáthraithe:

- córas innéacsaithe simplí, loighciúil a úsáid
- gluais giorrúchán agus acrainmneacha a áireamh
- trastagairtí agus hipearnaisc soiléire chuig doiciméid tacaíochta a úsáid
- léaráidí nó sreabhchairteacha a úsáid chun struchtúir, próisis agus línte tuairiscithe a thaispeáint
- gach mór-roinn a thabhairt chun críche le hachoimre ghearr mheasúnaithe

Cuidíonn na prionsabail seo le dúbláil a laghdú agus cuireann siad ar chumas athbhreithneoirí tuiscint éifeachtúil a fháil ar chóras DC an tsoláthraí.

### Struchtúr samplach tuarascála

Tá struchtúr samplach tuarascála curtha ar fáil thíos mar áis.

| ROINN 1: Réamhrá | |
|---|---|
| **Réamhrá** | Ráiteas gearr ó cheann an tsoláthraí ina bhformhuinítear an TF agus ina ndeimhnítear go bhfuil sé cruinn agus ábhartha ó thaobh straitéise de. |
| **Clár** | Tábla ábhar lena n-áirítear aguisíní, fíoracha, agus táblaí mar áis treoleanúna. |
| **Gluais / Ciorruithe** | Liosta sainmhínithe, acrainmneacha agus téarmaí teicniúla arna n-úsáid sa tuarascáil. |
| **Réamhrá** | Faisnéis chomhthéacsúil ghonta a thacaíonn leis an athbhreithniú a chur ar fáil:<br>• misean, fís, agus treo straitéiseach<br>• struchtúir rialachais agus bainistíochta<br>• cultúr eagraíochtúil, go háirithe an cultúr cáilíochta<br>• achoimre ar phróifílí agus patrúin foghlaimeoirí<br>• príomhthreochtaí i sonraí eagraíochtúla agus a n-impleachtaí<br>Níor cheart don sa roinn seo ach comhthéacs riachtanach a sholáthar; ba cheart cur síos mionsonraithe a sheachaint. |
| **Próiseas agus Modheolaíocht an TF** | Achoimrigh an tslí ar cuireadh TF i dtoll a chéile, agus léirigh go bhfuil sé:<br>• cuimsitheach agus comhairleach<br>• bunaithe ar fhianaise agus machnamhach<br>• bunaithe ar an bhfoireann, ar fhoghlaimeoirí agus ar gheallsealbhóirí seachtracha ábhartha<br>• formhuinithe trí phróisis rialachais chuí<br>Ba cheart a thaispeáint sa roinn seo an tslí ar chinntigh an soláthraí ionadaíocht agus trédhearcacht. |

## ROINN 2: PRÓIFÍL AN TSOLÁTHRAÍ

Roinn ghonta thuairisciúil ina leagtar amach:

- misean eagraíochtúil, fís, agus treo straitéiseach
- struchtúir rialachais agus bainistíochta
- Córas DC agus an tslí a bhfuil an cháilíocht leabaithe ar fud na hinstitiúide
- próifíl foirne
- próifíl foghlaimeora agus líonta foghlaimeoirí (foghlaimeoirí idirnáisiúnta san áireamh)

Roinn chomhthéacsúil amháin é seo; ba cheart tuairisciú meastóireachta a chur ar fáil i Roinn 3.

## ROINN 3: FÉINMHEASTÓIREACHT BUNAITHE AR NA TÉARMAÍ TAGARTHA (TT)

Seo croí anailíseach an TF. Ba cheart don soláthraí díriú ar gach cuspóir den athbhreithniú agus an struchtúr thíos a úsáid le haghaidh gach fotheideal:

- Tuairisc - achoimre ghonta de na socruithe atá i bhfeidhm
- Meastóireacht - anailís chriticiúil ar a éifeachtaí atá na socruithe seo i ndáiríre, le tacaíocht ó fhianaise
- Conclúid - nearta, dúshláin agus breisithe pleanáilte

| | |
|---|---|
| **Cuspóir 1:** | **Rialachas agus bainistíocht cáilíochta**<br><br>Príomhréimsí fócais:<br>A. Misean agus straitéis<br>B. Struchtúir rialachais agus bainistíochta<br>C. Beartas DC agus doiciméid ghnásúla<br>D. Earcú, bainistíocht agus forás foirne<br>E. Forbairt clár, próisis bhailíochtaithe agus ceadú<br>F. Bainistíocht faisnéise agus sonraí<br>G. Faisnéis agus cumarsáid phoiblí<br>H. Socruithe tríú páirtí<br>Cuir achoimre ar chonclúidí san áireamh ag deireadh an chuspóra. |

| | |
|---|---|
| **Cuspóir 2:** | **Rochtain, aistriú agus dul chun cinn**<br><br>Príomhréimsí fócais:<br><br>A. Beartas agus nósanna imeachta maidir le hiontrálacha<br>B. Conairí agus altadh struchtúracha (iontráil ardchéime ina measc)<br>C. Aitheantas réamhfhoghlama<br>D. Soláthar d'fhaisnéis d/fhoghlaimeoirí<br>E. Soghluaisteacht foghlaimeoirí agus comhoibriú earnála<br>Cuir achoimre de chonclúidí san áireamh |
| **Cuspóir 3:** | **Teagasc, foghlaim agus measúnú**<br><br>Príomhréimsí fócais:<br><br>A. An timpeallacht foghlama<br>B. Measúnú foghlaimeoirí<br>C. Taifid foghlaimeoirí a bhainistiú<br>D. tacaíochtaí agus seirbhísí ginearálta d'fhoghlaimeoirí<br>Cuir achoimre de chonclúidi san áireamh |
| **Cuspóir 4:** | **Féinmheastóireacht, monatóireacht agus athbhreithniú**<br><br>Ar na príomhréimsí tá:<br><br>A. Féinmheastóireacht, monatóireacht agus athbhreithniú<br>B. Monatóireacht clár agus próisis athbhailíochtaithe<br>C. Maoirseacht ar chomhpháirtíochtaí seachtracha agus comhoibríocha<br>Cuir achoimre de chonclúidi san áireamh |

**ROINN 4: Conclúidí foriomlána**

Cuir sintéis fhoriomlán de na nithe seo a leanas ar fáil:

- príomhthorthaí na féinmheastóireachta
- réimsí dea-chleachtais
- dúshláin nó rioscaí eagraíochtúla
- príomhréimsí a bhfuiltear ag diriú orthu lena bhfeabhsú

Ba cheart bonn soiléir stuama a chur ar fáil sa roinn seo le feabhsuithe DC amach anseo.

Ba cheart fianaise shoiléir ábhartha a chur ag gabháil leis an tuarascáil féinmheastóireachta, lena n-áirítear:

- Cur síos soiléir ar an tslí ar cuireadh an tuarascáil féinmheastóireachta i dtoll a chéile, lena n-áirítear cé a bhí bainteach leis, conas a ndeachthas i gcomhairle leis an bhfoireann agus le foghlaimeoirí, agus an tslí ar pléadh an próiseas trí ghrúpaí rialachais.
- Tosaíochtaí straitéiseacha chun DC a fhorbairt agus a bhreisiú
- Fianaise ina léirítear an tslí a ndéantar monatóireacht agus tuairisciú ar phríomhtháscairí feidhmíochta DC.
- Téarmaí tagartha agus miontuairiscí don rialachas inmheánach agus do ghrúpaí DC, lena n-áirítear an bhallraíocht
- Róil agus freagrachtaí na foirne atá ag gabháil do DC.
- Beartais agus nósanna imeachta DC agus doiciméid rialachais
- Conas a chomhroinntear nuashonruithe ar an gcóras dearbhaithe cáilíochta le baill foirne, le foghlaimeoirí agus le geallsealbhóirí seachtracha.
- Treoracha céim ar chéim do phríomhphróisis d’fhoghlaimeoirí, amhail achomhairc, gearáin agus tacaíochtaí scrúduithe.
- Conas a nascann próisis DC le pleanáil eagraíochtúil agus oibríochtaí laethúla.
- Sonraí foghlaimeoirí, amhail dul chun cinn, críochnú agus torthaí céimithe.
- Taifid ar ghníomhaíochtaí leanúnacha DC, lena n-áirítear bailíochtú, athbhailíochtú agus athbhreithniú clár.
- Fianaise ar phleanáil agus ar mhonatóireacht ar sheirbhísí agus áiseanna tacaíochta foghlaimeoirí.

# Aguisín D: róil agus freagrachtaí fhoireann an athbhreithnithe

## 1. CUSPÓIR

Leagtar amach san aguisín seo róil, freagrachtaí agus an iompraíocht a mbeifear ag súil leis ó bhaill fhoireann an athbhreithnithe. Is é an aidhm atá leis tacú le hathbhreithniú seachtrach um dhearbhú cáilíochta atá cothrom, comhsheasmhach agus fianaisebhunaithe trí na nithe seo a leanas a shoiléiriú:

- na prionsabail lena dtreoraítear ceapadh athbhreithneoirí
- príomhionchais gach ball d'fhoireann an athbhreithnithe
- na freagrachtaí sonracha a ghabhann le róil aonair
- na socruithe faisnéise agus oiliúna a bhaineann le gach athbhreithneoir

Ó thús deireadh an phróisis, iarrtar ar fhoireann an athbhreithnithe torthaí, ardmholadh agus moltaí a aithint maidir lena éifeachtaí atá próisis dearbhaithe cáilíochta (DC) agus breisiúcháin an tsoláthraí i ndáil leis na cuspóirí a leagtar amach sna TT.

## 2. CRITÉIR BHALLRAÍOCHTA

Ceaptar baill fhoireann an athbhreithnithe ar bhonn dhá phríomhphrionsabal:

### 2.1. Inniúlacht

Ní mór don soláthraí agus dá gheallsealbhóirí muinín a bheith acu go bhfuil an t-athbhreithniú á dhéanamh ag daoine aonair a bhfuil:

- taithí agus eolas cuí acu ar ardoideachas nó breisoideachas agus oiliúint
- in ann breithiúnais eolacha, saineolacha agus fianaisebhunaithe a thabhairt ar ghníomhaíochtaí agus ar shocruithe DC an tsoláthraí
- tuiscint a bheith acu ar chreataí agus caighdeáin ábhartha DC náisiúnta agus Eorpacha

### 2.2. Neamhspleáchas

Ní mór d'fhoireann an athbhreithnithe feidhmiú go neamhspleách ar an soláthraí agus ar leasanna eile chun iomláine agus inchreidteacht an phróisis a chosaint. Ba cheart do bhaill foirne:

- aon choinbhleacht leasa iarbhír nó braite a sheachaint
- gan a bheith cleamhnaithe anois ná díreach roimhe seo leis an soláthraí, lena chéimithe ná lena struchtúir rialachais
- gan poist reatha a bheith acu laistigh de struchtúir rialachais QQI a d'fhéadfadh cur isteach ar neamhchlaontacht

Tá na coimircí seo riachtanach chun muinín na ngeallsealbhóirí a choinneáil agus a chinntiú go bhfuil na torthaí oibiachtúil agus trédhearcach.

## 3. CROÍ-IONCHAIS NA N-ATHBHREITHNEOIRÍ UILE

Beag beann ar a ról sonrach, táthar ag súil go rannchuideoidh gach ball d'fhoireann an athbhreithnithe leis an athbhreithniú trí cheithre fheidhm idirnasctha a ghabháil orthu féin:

- Comhthéacsú — tuiscint iomlán a fháil ar mhisean, straitéisí, beartais agus nósanna imeachta DC an tsoláthraí agus, i gcás inarb ábhartha, a thimpeallacht oibriúcháin sheachtrach.
- Léirmheas — gníomhú mar mheastóirí cuiditheacha, chun measúnú criticiúil a dhéanamh ar oiriúnacht agus éifeachtacht na gcleachtas DC agus breisithe, trína n-aibhsítear láidreachtaí agus réimsí le haghaidh feabhsú, agus bacainní ar chur i bhfeidhm éifeachtach a shainaithint.
- Rannchuidiú — tacú le forbairt leanúnach an tsoláthraí trí chleachtas ábhartha a chomhroinnt agus tagairt a dhéanamh do chaighdeáin agus do chur chuige náisiúnta, Eorpach nó idirnáisiúnta a d'fhéadfadh bonn eolais a chur leis an mbreisiú.
- Deimhniú — bailíochtú neamhspleách a sholáthar ar bhearta cáilíochta an tsoláthraí, lena n-áirítear comhlíonadh oibleagáidí reachtúla agus ailíniú le caighdeáin Eorpacha amhail an ESG.

Oibríonn foireann an athbhreithnithe i dteannta a chéile, le cuntasacht chomhroinnte as na torthaí, na tuairimí agus na moltaí go léir. Cé gur féidir leis an gcathaoirleach tascanna a leithdháileadh, tá gach athbhreithneoir freagrach go comhpháirteach as cáilíocht agus comhleanúnachas foriomlán an athbhreithnithe.

## 4. FREAGRACHTAÍ GACH BALL D'FHOIREANN AN ATHBHREITHNITHE

Táthar ag súil go ndéanfaidh gach ball d'fhoireann an athbhreithnithe:

- An doiciméadacht a athbhreithniú
  - an tuarascáil féinmheastóireachta (TF) a léamh go hiomlán agus breithniú a dhéanamh ar an doiciméadacht tacaíochta go léir a chuir QQI agus an soláthraí ar fáil
- A bheith páirteach san oiliúint agus san ullmhúchán
  - A bheith páirteach san oiliúint ionduchtaithe agus in aon seisiún mionteagaisc réamh-athbhreithnithe

    - rannchuidiú le réamhphlé roimh an chruinniú pleanála agus príomhchuairt an athbhreithnithe
- Fianaise a bhailiú agus a thástáil
    - gnéithe fiosrúcháin comhaontaithe a threorú nó cur leo, lena n-áirítear sraitheanna ceisteanna a dhréachtú
    - maíomhanna a dhéantar sa TF a bhailíochtú trí chasadh ar raon leathan ball foirne, foghlaimeoirí agus geallsealbhóirí
    - fianaise chomhthacaíochta a lorg i bhfoinsí agus i suíomhanna éagsúla chun comhsheasmhacht agus éifeachtacht na socruithe DC a thástáil
- Anailís a dhéanamh agus teacht ar thátail
    - tátail a bhaint bunaithe ar fhianaise a bailíodh roimh agus le linn na príomhchuairte
    - torthaí, moltaí agus moltaí soiléire, bunaithe ar fhianaise a aithint i gcomhréir leis na TT
- Rannchuidiú le tuairisciú
    - codanna sannta de thuarascáil an athbhreithnithe a dhréachtú, i gcás ina gcomhaontaítear iad
    - an dréacht-tuarascáil iomlán a athbhreithniú agus aiseolas tráthúil a sholáthar
    - rannchuidiú le machnamh a dhéanamh ar aon cheartúchán ar fhíricí cruinnis a chuir an soláthraí isteach

## 5. RÓIL AONAIR LAISTIGH D’FHOIREANN AN ATHBHREITHNITHE

### 5.1. An Cathaoirleach

Is ceannaire sinsearach reatha nó iar-cheannaire ó sholáthraí ardoideachais nó oiliúna a cheaptar mar chathaoirleach, sin nó duine aonair a bhfuil taithí shuntasach aici nó aige ar phróisis athbhreithnithe inchomparáide san earnáil ardoideachais a threorú. Bunaítear an roghnú ar:

- seasamh aitheanta náisiúnta agus/nó idirnáisiúnta
- saineolas i mbeartas poiblí agus i riarachán
- taithí léirithe ar rialachas DC laistigh de chóras ardoideachais na hÉireann

Soláthraíonn an cathaoirleach ceannaireacht fhoriomlán agus cinntíonn sé/sí go ndéantar an t-athbhreithniú ar bhealach gairmiúil, cothrom agus fianaisebhunaithe.

#### 5.1.1. Príomhfhreagrachtaí

Is mian leis an gcathaoirleach:

- ábhar agus raon feidhme sceideal na príomhchuairte a chomhaontú leis an athbhreithneoir comhordaithe agus le foireann an athbhreithnithe
- a chinntiú go bhfuil raon feidhme na príomhchuairte leordhóthanach chun tuarascáil láidir, fhianaisebhunaithe a chumasú ar fud na gcatagóirí ábhartha go léir

- bualadh leis an gcomhordaitheoir athbhreithnithe go rialta le linn na príomhchuairte agus freastal ar chruinnithe de réir mar is gá
- tacú le timpeallacht oibre ghairmiúil, mheasúil agus mhuiníneach inar féidir le foireann an tsoláthraí, le foghlaimeoirí agus le baill d'fhoireann an athbhreithnithe páirt a ghlacadh go hoscailte
- róil a shannadh do bhaill fhoireann an athbhreithnithe roimh an phríomhchuairt (mar shampla le linn ionduchtú), chun freagrachtaí a ailíniú le taithí agus saineolas
- an fhoireann a choinneáil dírithe ar a gcuid tascanna, róil agus freagrachtaí comhaontaithe
- a chinntiú go leantar an sceideal foriomlán agus go dtosaíonn agus go gcríochnaíonn cruinnithe le linn na príomhchuairte in am
- cinntí deiridh a dhéanamh ar chúrsaí próisis le linn na príomhchuairte, nuair is gá

#### 5.1.2. Freagrachtaí tuairiscithe

Seo cúraimí eile a bheidh ar an gcathaoirleach:

- dul i gceannas ar na hullmhúcháin agus an t-aiseolas ó bhéal a thabhairt ag an seisiún clabhsúir leis an soláthraí ag deireadh an lae
- maoirseacht a dhéanamh ar tháirgeadh na tuarascála athbhreithnithe deiridh, arna dréachtú thar ceann na foirne ag an athbhreithneoir comhordaithe tar éis dul i gcomhairle go cuí
- leasuithe ar an tuarascáil deiridh a cheadú mar fhreagra ar thuairimí an tsoláthraí maidir le cruinneas fíorasach sula gcuirtear faoi bhráid QQI í
- cruinnithe breise d'fhoireann an athbhreithnithe a thionól más gá

Mura bhfuil an cathaoirleach in ann páirt iomlán a ghlacadh sa phríomhchuairt (mar shampla mar gheall ar bhreoiteacht), féadfar iarraidh ar bhall eile d'fhoireann an athbhreithnithe gníomhú mar chathaoirleach ionaid.

## 5.2. Athbhreithneoir comhordaithe

Is ball iomlán d'fhoireann an athbhreithnithe é an t-athbhreithneoir comhordaithe agus tá sé/sí freagrach as obair na foirne a chomhordú agus an tuarascáil athbhreithnithe a dhréachtú.

#### 5.2.1. Príomhfhreagrachtaí

Déanfaidh an t-athbhreithneoir comhordaithe:

- freastal ar an gcruinniú pleanála agus ar an bpríomhchuairt
- cinntiú go gclúdaíonn sceidil an chruinnithe pleanála agus na príomhchuairte na catagóirí riachtanacha go léir chun tacú le tuarascáil fhianaisebhunaithe
- gníomhú mar an príomhtheagmhálaí idir foireann an athbhreithnithe, an comhordaitheoir athbhreithnithe agus QQI le linn na príomhchuairte
- tacú leis an gcathaoirleach maidir le socruithe lóistíochta a chomhordú i gcomhairle le QQI, comhordaitheoir an athbhreithnithe agus foireann an athbhreithnithe

- taifead a choinneáil ar phlé le linn an chruinnithe pleanála, seisiúin den phríomhchuairt agus cruinnithe foirne príobháideacha
- nótaí a bhailiú nó a aisghabháil ó bhaill fhoireann an athbhreithnithe roimh an seisiún clabhsúir chun tacú le dréachtú na tuarascála
- cabhrú leis an bhfoireann an fhianaise a shainaithint a chuirfidh taca faoina torthaí, faoi ardmholadh agus faoi mholtaí
- taifead reatha a choinneáil ar thorthaí, moltaí agus moltaí atá ag teacht chun cinn ó thús deireadh na príomhchuairte

#### 5.2.2. Freagrachtaí tuairiscithe

Seo cúraimí eile a bheidh ar an athbhreithneoir comhordaithe:

- an t-aiseolas réamhchéime a dhréachtú le gur féidir leis an gcathaoirleach é a chur ar fáil ag deireadh na príomhchuairte
- dréachtú thuarascáil an athbhreithnithe a chomhordú, rannchuidiú ó bhaill foirne a chomhtháthú ann agus féachaint chuige go gcuirtear faoi bhráid QQI é in am trátha
- athruithe ar fhíricí ó thaobh cruinnis de a dhéanamh ar an tuarascáil, athruithe a shainaithníonn an soláthraí agus a chomhaontaítear leis an gcathaoirleach agus le QQI

Mura bhfuil an t-athbhreithneoir comhordaithe in ann a bheith lánpháirteach sa phríomhchuairt (de dheasca tinnis, mar shampla), lorgóidh QQI ionadaí chun an ról seo a ghabháil orthu féin.

### 5.3. Athbhreithneoir na bhfoghlaimeoirí

Is ball comhionann d’fhoireann an athbhreithnithe é athbhreithneoir na bhfoghlaimeoirí agus glacann sí nó sé páirt i ngach gné den athbhreithniú. Cuireann athbhreithneoir na bhfoghlaimeoirí dearcadh foghlama ar leith leis an athbhreithniú ar féidir leis tuiscint na foirne ar thaithí an fhoghlaimeora agus ar rannpháirtíocht an fhoghlaimeora i ndearbhú cáilíochta a shaibhriú.

D’fhéadfadh na réimsí seo a leanas a bheith i measc na réimsí a gcuirtear spéis ar leith iontu:

- ábhair acadúla amhail curaclam, teagasc, foghlaim agus measúnú
- infhaighteacht, inrochtaineacht agus cáilíocht seirbhísí tacaíochta d’fhoghlaimeoirí (leabharlann, TF, leas, seirbhísí gairme, spóirt agus cumainn, mar shampla)
- an tslí a gcuirtear foghlaimeoirí ar an eolas, a dtéitear i gcomhairle leo agus a ndéantar ionadaíocht ar a son i bpróisis dearbhaithe cáilíochta agus cinnteoireachta

Bítear ag súil go gcomhlíonfaidh athbhreithneoirí na bhfoghlaimeoirí na caighdeáin chéanna gairmiúlachta, rúndachta agus anailíse fianaisebhunaithe agus a chomhlíonann baill foirne eile.

### 5.4. Athbhreithneoirí breise

Féadfar athbhreithneoirí breise a cheapadh, más cuí, chun saineolas sonrach don ábhar nó peirspictíochtaí earnála ar leith a sholáthar. I gcomhairle leis an soláthraí agus bunaithe ar na prionsabail chéanna inniúlachta agus neamhspleáchais a dhéanfar ceapacháin den sórt sin.

Féadfaidh foireann feidhmiúcháin QQI gníomhú mar athbhreithneoirí freisin agus/nó ról an athbhreithneora chomhordaithe a ghabháil orthu féin nuair is cuí.

## 6. EOLAS AGUS OILIÚINT D'FHOIREANN AN ATHBHREITHNITHE

Ceanglaítear ar gach ball d'fhoireann an athbhreithnithe a bheith rannpháirteach in oiliúint ionduchtúcháin. Is é cuspóir na hoiliúna a chinntiú go bhfuil athbhreithneoirí lán-ullmhaithe chun an t-athbhreithniú seachtrach DC a dhéanamh agus tuiscint chomhroinnte ar an bpróiseas a chur chun cinn.

### 6.1. Aidhmeanna na hoiliúna

Mar chabhair d'athbhreithneoirí a dheartar seisiúin ionduchtúcháin agus eolais.

- chun tuiscint a fháil ar aidhmeanna, cuspóirí agus céimeanna an phróisis athbhreithnithe sheachtraigh ar DC
- róil agus freagrachtaí bhaill fhoireann an athbhreithnithe a shoiléiriú
- eolas a chur ar chreataí reachtúla agus ar bheartais ábhartha, lena n-áirítear ról QQI agus an ESG (2015)
- scileanna athbhreithnithe a fhorbairt agus a bheachtú amhail ceistiú oscailte, éisteacht ghníomhach, anailís ar fhianaise agus seachadadh aiseolais
- oibriú mar fhoireann chomhtháite agus tuarascáil láidir, fianaisebhunaithe a chur i dtoll a chéile laistigh de na hamlínte ama comhaontaithe

### 6.2. Ullmhúchán réamhoiliúna

Sula bhfreastalaíonn siad ar oiliúint, táthar ag súil go ndéanfaidh athbhreithneoirí:

- na TT don athbhreithniú a léamh
- TF an tsoláthraí agus na doiciméid tacaíochta a athbhreithniú
- iad féin a chur ar an eolas faoi dhréachtsceidil don chruinniú pleanála agus don phríomhchuairt
- aon cheisteanna nó breathnuithe a eascraíonn as an TF a bhreithniú

### 6.3. Gníomhaíochtaí oiliúna

Seo na cúraimí a bheidh ar na hathbhreithneoirí le linn na seisiún oiliúna agus faisnéise:

- an TF agus na TT a phlé agus amchlár na príomhchuairte a dhréachtú
- línte fiosrúcháin tosaigh agus riachtanais faisnéise a chomhaontú
- soiléiriú a thabhairt ar aon ghné den phróiseas, de na róil nó den doiciméadacht is gá a mhíniú

Leagann na gníomhaíochtaí seo an bunús don chruinniú pleanála agus tacaíonn siad le próiseas athbhreithnithe atá comhsheasmhach, oibiachtúil agus dea-chomhordaithe. Spreagtar athbhreithneoirí le linn na hoiliúna le dul i muinín a réamhthaithí ar shlite a thacaíonn le dea-chleachtas agus a chloíonn leis an gcreat agus leis an mhodheolaíocht chomhaontaithe.

# Aguisín E: ceisteanna samplacha mar threoir don phríomhchuairt

Tá na ceisteanna samplacha san aguisín seo deartha chun cabhrú le foireann an athbhreithnithe agus leis an soláthraí ullmhú don phríomhchuairt. Tacaíonn siad le pleanáil agus machnamh de réir na TT agus na nósanna imeachta atá leagtha amach sa lámhleabhar seo.

D'fhéadfaí ceisteanna eile a chur, nach bhfuil luaite anseo. Ina ionad sin, is léiriú iad ar na téamaí agus ar na cineálacha fiosruithe a bheidh faoi chaibidil ag foireann an athbhreithnithe agus socruithe DC an tsoláthraí á meas acu, éifeachtacht na bpróiseas féinmheastóireachta, agus ailíniú leis an CNC agus beartais DC ábhartha eile de chuid QQI.

Le linn na príomhcheiste, féadfaidh foireann an athbhreithnithe a gcuid ceisteanna a oiriúnú, a bheachtú nó a leathnú, bunaithe ar an bhfianaise a chuirtear i láthair sa TF, i ndoiciméid bhreise agus ar aon nithe ar gá soiléiriú nó iniúchadh breise maidir leo.

## CUSPÓIR 1 – RIALACHAS AGUS BAINISTÍOCHT CÁILÍOCHTA

| Nithe táscacha le scrúdú | |
|---|---|
| A. Misean agus straitéis an tsoláthraí | • An gcuireann socruithe DC an tsoláthraí le comhlíonadh an mhisin agus na straitéise? Conas?<br>• An bhfuil taithí an fhoghlaimeora ag teacht leis an misean seo? |
| B. Struchtúir agus téarmaí tagartha chun DC a rialú agus a bhainistiú | • An bhfuil na socruithe cuimsitheach agus láidir go leor chun rialachas agus bainistíocht láidir oibríochtaí a chinntiú (e.g. scaradh freagrachtaí, seachtracht, ionadaíocht foghlaimeoirí, ionchur geallsealbhóirí)?<br>• An bhfuil an struchtúr rialachais agus cinnteoireachta infheicthe agus trédhearcach?<br>• Conas a chinntíonn an soláthraí go gcosnaíonn an córas rialachais bailíocht agus iomláine na bpróiseas agus na dtorthaí measúnaithe agus maoirseacht á déanamh ar DC i gcónaí? |

| | |
|---|---|
| C. Beartais agus nósanna imeachta DC a dhoiciméadú | • Cé chomh héifeachtach is atá na socruithe maidir le beartais agus nósanna imeachta a fhorbairt agus a cheadú?<br>• An ndéantar na beartais agus na nósanna imeachta a mheas ar shlí chórasach?<br>• An ndéantar iad a fhoilsiú agus an bhfuil siad ar fáil agus infheicthe ag gach geallsealbhóir? |
| D. Earcú, bainistíocht agus forás foirne | • Conas a dhearbhaíonn an soláthraí inniúlacht na mball foirne?<br>• Conas a dhéantar na caighdeáin ghairmiúla a choinneáil agus a bhreisiú?<br>• Conas a chuirtear an fhoireann ar an eolas faoi fhorbairtí a théann i bhfeidhm ar an eagraíocht agus conas is féidir leo ionchur a bheith acu sa chinnteoireacht? |
| E. Cláir a fhorbairt, a fhormheas agus a thaisceadh lena mbailíochtú agus lena n-athbhailíochtú | • Cad iad na socruithe atá i bhfeidhm chun a chinntiú go n-ailínítear gníomhaíocht forbartha clár ailínithe le misean agus spriocanna straitéiseacha an tsoláthraí, chomh maith le riachtanais an fhoghlaimeora?<br>• An bhfuil na socruithe atá i bhfeidhm chun forbairt clár a cheadú agus a bhainistiú láidir, oibiachtúil agus trédhearcach?<br>• An bhfuil na socruithe maidir le hathbhreithniú agus athbhailíochtú clár láidir, oibiachtúil agus trédhearcach?<br>• An dtacaíonn an córas DC go héifeachtach le forbairt clár a dteastaíonn formheas/creidiúnú ó chomhlachtaí gairmiúla, rialála nó reachtúla ina leith? |
| F. Bainistíocht faisnéise agus sonraí | • Conas a úsáidtear sonraí chun cinntí fianaisebhunaithe a dhéanamh i gcúrsaí rialachais agus bainistíochta cáilíochta?<br>• An bhfuil na córais TFC riachtanacha i bhfeidhm ag an soláthraí chun tacú le sreafaí sonraí atá sruthlínithe agus ina dtugtar tús áite do shonraí digiteacha le gur féidir táscairí ionsuite a chur san áireamh i dtuairiscí DC? |

| | |
|---|---|
| G. Faisnéis agus cumarsáid phoiblí | • An bhfuil faisnéis faoin gcóras DC, nósanna imeachta agus gníomhaíochtaí ar fáil go poiblí agus á nuashonrú go rialta?<br>• Cad iad na socruithe atá i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil faisnéis fhoilsithe maidir le gach soláthar soiléir, cruinn, cothrom le dáta agus inrochtana go héasca? |
| H. Páirtithe eile atá bainteach le hoideachas agus oiliúint (más infheidhme) | • Cé chomh héifeachtach is atá córas comhtháite DC an tsoláthraí ó thaobh tacú le socruithe comhoibríocha agus comhpháirtíochtaí le tríú páirtithe, lena n-áirítear comhlachtaí poiblí, reachtúla agus rialála, más infheidhme? |

## CUSPÓIR 2 – ROCHTAIN, AISTRIÚ AGUS FORCHÉIMNIÚ (ATP)

| Nithe táscacha le scrúdú |
|---|
| • Conas a dhéanann an soláthraí ATP a thomhas agus a mhonatóiriú ar shlí chórasach i ngach clár agus seirbhís as a leanann dámhachtainí de chuid QQI?<br>• Cé chomh héifeachtach is atá na próisis agus na huirlisí chun faisnéis a bhailiú, a mhonatóiriú agus gníomhú dá réir maidir le forchéimniú agus rátaí críochnaithe foghlaimeoirí?<br>• An bhfuil conairí foghlama solúbtha ann trína léirítear meas agus aird ar éagsúlacht na bhfoghlaimeoirí?<br>• An bhfuil na critéir agus próisis iontrála soiléir, trédhearcach agus oiriúnach don chuspóir?<br>• Cé chomh héifeachtach is atá an beartas aitheantais réamhfhoghlama ó thaobh tacú le hiontráil agus deimhniú foghlaimeoirí?<br>• Cé chomh héifeachtach is atá comhpháirtíochtaí comhoibríocha, i gcás inar cuí, chun tacú le soghluaisteacht agus forchéimniú foghlaimeoirí?<br>• Cé chomh héifeachtach is atá na próisis agus na nósanna imeachta ó thaobh soláthar faisnéise atá cuimsitheach, comhsheasmhach agus ardchaighdeáin a chinntiú d’fhoghlaimeoirí? |

## CUSPÓIR 3 – TEAGASC, FOGHLAIM AGUS MEASÚNÚ

| Nithe táscacha le scrúdú | |
|---|---|
| A. An timpeallacht foghlama | • Conas a dhéantar monatóireacht ar cháilíocht na taithí foghlama?<br>• An ndéantar modhanna seachadta agus oideolaíochta a mheas le cinntiú go gcomhlíonann siad riachtanais na bhfoghlaimeoirí? Conas?<br>• Conas a dhearbhaítear cáilíocht thaithí na bhfoghlaimeoirí i ngach suíomh lena mbaineann, m.sh. foghlaim atá comhtháite leis an obair nó foghlaim ar líne?<br>• An bhfuil fianaise ar bhreisiú sa teagasc agus san fhoghlaim ann? |
| B. Measúnú foghlaimeoirí | • Conas a chinntítear bailíocht, iontaofacht, iomláine, cuimsitheacht, comhsheasmhacht agus slándáil na n-ionstraimí measúnaithe, modheolaíochtaí, nósanna imeachta agus taifead – lena n-áirítear maidir le haitheantas réamhfhoghlama? Conas a chinntíonn an soláthraí go bhfuil na huirlisí agus na modhanna a úsáidtear chun foghlaimeoirí a mheas oiriúnach, éifeachtach, agus i gcomhréir le cleachtais teagaisc reatha agus le hionchais an tionscail?<br>• Conas a chinntíonn an soláthraí go gcoimeádtar na caighdeáin maidir le measúnú foghlaimeoirí i gcás foghlaimeoirí atá ag gabháil11 d'fhoghlaim atá comhtháite leis an obair?<br>• An bhfuil tuiscint shoiléir ag foghlaimeoirí i ngach suíomh ar an tslí agus ar an bhfáth a ndéantar iad a mheasúnú agus an dtugtar aiseolas ar an measúnú dóibh?<br>• Cén úsáid a bhaintear as an anailís ar aiseolas chun modheolaíochtaí measúnaithe a fheabhsú tuilleadh?<br>• Cad iad na socruithe cáilíochta atá i bhfeidhm chun iomláine acadúil na gclár as a leanann dámhachtainí QQI a chinntiú? Cén soláthar a dhéantar iontu seo do chinnteoireacht agus do mhaoirseacht chomhsheasmhach?<br>• Conas a oiriúnaíodh nósanna imeachta DC le go ndíreoidís ar rioscaí ó thaobh iomláine acadúil, rioscaí atá ag teacht chun cinn nó a d'fhéadfadh a bheith ann? |

11 Tagraíonn foghlaim atá comhtháite leis an obair do chomhtháthú gníomhaíochtaí foghlama pleanáilte le cláir oideachais agus oiliúna ina gcuimsítear cleachtadh bríoch oibre, agus a chuirtear ar fáil i gcomhar le comhpháirtí san ionad oibre. Deartar na gníomhaíochtaí seo chun tacú le foghlaim atá comhtháite leis an obair laistigh den chlár agus is féidir í a chur ar fáil i bhfoirmeacha éagsúla (e.g. intéirneachtaí, socrúcháin, comhpháirteanna ar an láthair oibre de phrintíseachtaí, tionscadail don tionscal srl.).

| | |
|---|---|
| C. Taifid foghlaimeoirí a bhainistiú | • An féidir leis na nósanna imeachta DC atá i bhfeidhm tacú le bainistíocht, iomláine agus coinneáil sonraí torthaí foghlaimeoirí trína soláthraítear an bunús chun dámhachtainí QQI a dhéanamh agus a dheimhniú?<br>• An féidir leis na taifid seo tacú le próisis inmheánacha DC agus le ceanglais sheachtracha tuairiscithe?<br>• An stóráiltear taifid i gcórais shlána, iontaofa a chinntíonn iomláine, rúndacht agus inrochtaineacht sonraí?<br>• Conas a chinntíonn an soláthraí go bhfuil an bonneagar digiteach oiriúnach chun tacú le bainistíocht taifead agus í a bhreisiú? |
| D. Tacaíocht d'fhoghlaimeoirí | • An bhfuil tacaíochtaí ann d'fhoghlaimeoirí? Conas a ndéantar seirbhísí tacaíochta a phleanáil, a chur in iúl d'fhoghlaimeoirí agus a mhonatóiriú le cinntiú go gcomhlíonann siad riachtanais na bhfoghlaimeoirí?<br>• Conas a chinntíonn an soláthraí comhsheasmhacht sa tslí a gcuirtear na tacaíochtaí cuí ar fáil do gach foghlaimeoir? |

## CUSPÓIR 4 – FÉINMHEASTÓIREACHT, MONATÓIREACHT AGUS ATHBHREITHNIÚ

| Nithe táscacha le scrúdú | |
|---|---|
| A. Féinmheastóireacht, monatóireacht agus athbhreithniú | • Cad iad na próisis atá i bhfeidhm maidir le pleanáil, monatóireacht agus tuairisciú DC?<br>• An bhfuil na próisis féinmheastóireachta, soghluaisteachta agus athbhreithnithe (lena n-áirítear an TF) cuimsitheach, ionchuimsitheach agus fianaisebhunaithe?<br>• An bhfuil fianaise ann go ndéantar anailís straitéiseach agus obair leantach ar thorthaí athbhreithnithe agus monatóireacht inmheánach DC (e.g. tuarascálacha scrúdaitheoirí seachtracha, tuarascálacha aiseolais ó fhoghlaimeoirí srl.)?<br>• Conas a ndéantar cáilíocht a chur chun cinn agus a fheabhsú? |

| | |
|---|---|
| B. Forbairt, monatóireacht agus athbhreithniú clár | • Cad iad na socruithe atá i bhfeidhm chun próiseas cuimsitheach forbartha clár a éascú agus a mhaoirsiú sula ndéantar iarratas ar bhailíochtú a thaisceadh (m.sh. seoladh an taighde, ionchur ó fhoghlaimeoirí agus saineolas seachtrach a chur san áireamh, torthaí foghlama, curaclaim srl. a scríobh, formheas/creidiúnú gairmiúil/rialála)?<br>• Na meicníochtaí trína ndéantar athbhreithniú agus athbhailíochtú tréimhsiúil ar chláir, an bhfuil siad cuimsitheach, ionchuimsitheach agus láidir? Conas a dhéantar monatóireacht ar sheachadadh agus ar thorthaí clár (lena n-áirítear aiseolas a bhailiú ó fhoghlaimeoirí/ páirtithe leasmhara (inmheánacha agus seachtracha araon))?<br>• Conas a dhéantar monatóireacht ar na gníomhaíochtaí agus na próisis a bhaineann le foghlaim atá comhtháite leis an obair?<br>• An bhfuil fianaise ann go n-úsáidtear torthaí ar mhonatóireacht agus ar athbhreithniú clár mar bhonn eolais le mionathruithe agus breisiú na gclár sin?<br>• An bhfuil próisis láidre i bhfeidhm ag an soláthraí do na heilimintí sin den phróiseas meastóireachta a chineachtar dó lena mbainistiú?<br>• An mbreithníonn comhlachtaí rialachais an tsoláthraí aschuir monatóireachta agus athbhreithnithe cláir ar bhonn straitéiseach mar bhonn eolais le cinnteoireacht? |

| | |
|---|---|
| C. Maoirseacht, monatóireacht agus athbhreithniú ar chaidreamh le páirtithe seachtracha/tríú páirtithe agus le comhpháirtithe comhoibríocha eile (más infheidhme) | • Conas a chinntíonn an soláthraí oiriúnacht na bpáirtithe seachtracha a mbíonn baint aige leo?<br>• An bhfoilsítear cineál na socruithe le gach páirtí seachtrach?<br>• An ndéantar monatóireacht agus athbhreithniú ar éifeachtacht na socruithe seo trí rialachas an tsoláthraí? |

Dearbhú Cáilíochta
agus Cáilíochtaí Éireann
Quality and
Qualifications Ireland

www.qqi.ie